2025/1080

3.6.2025

RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2025/1080 ÓN gCOIMISIÚN

an 2 Meitheamh 2025

lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/1659 a mhéid a bhaineann leis an teorainn ama i ndáil leis na ceanglais choibhéiseacha a chur i bhfeidhm i dtaca le torthaí *Citrus sinensis* Pers., de thionscnamh Iosrael a thabhairt isteach san Aontas i bhfianaise na rioscaí a bhaineann le *Thaumatotibia leucotreta*

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2016/2031 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Deireadh Fómhair 2016 maidir le bearta cosantacha i gcoinne lotnaidí plandaí, lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 228/2013, (AE) Uimh. 652/2014 agus (AE) Uimh. 1143/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Treoracha 69/464/CEE, 74/647/CEE, 93/85/CEE, 98/57/CE, 2000/29/CE, 2006/91/CE agus 2007/33/CE ón gComhairle ([1]), agus go háirithe Airteagal 44(1) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/1659 ón gCoimisiún ([2]) leagtar síos na ceanglais maidir le torthaí *Citrus sinensis* Pers. de thionscnamh Iosrael ('na torthaí sonraithe') a thabhairt isteach i gcríoch an Aontais, ar torthaí iad a mheastar a bheith coibhéiseach leis na torthaí a leagtar amach i bpointe 62.1(d) d'Iarscríbhinn VII a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/2072 ón gCoimisiún ([3]).

(2) Rachaidh Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 2022/1659 in éag an 31 Bealtaine 2025.

(3) Ó cuireadh an Rialachán Cur Chun Feidhme sin i bhfeidhm, níor tugadh aon fhógra faoi neamhchomhlíonadh mar gheall ar *Thaumatotibia leucotreta* (Meyrick) ('an lotnaid shonraithe') a bheith ar na torthaí sonraithe.

(4) Ina theannta sin, ón 18 go dtí an 30 Eanáir 2023 rinne seirbhísí an Choimisiúin iniúchadh in Iosrael chun meastóireacht a dhéanamh ar an gcóras rialuithe oifigiúla maidir le honnmhairiú plandaí agus táirgí plandaí áirithe chuig an Aontas, lena n-áirítear na torthaí sonraithe. Fuarthas amach san iniúchadh gur bunaíodh agus gur cuireadh chun feidhme nósanna imeachta chun an lotnaid shonraithe ar na torthaí sonraithe a rialú go hoifigiúil, go gcuirtear rialuithe oifigiúla chun feidhme i gcomhréir le reachtaíocht an Aontais agus go bhfuil foireann agus bonneagar leordhóthanach ag Eagraíocht Cosanta Plandaí Náisiúnta Iosrael agus ag saoráidí táirgthe agus próiseála chun aon easnamh a cheartú agus chun ceanglais an Aontais a chur i bhfeidhm ina n-iomláine. Thairis sin, thug an Eagraíocht Cosanta Plandaí Náisiúnta aghaidh ar bhealach sásúil ar an moladh a rinneadh san iniúchadh maidir leis na rialuithe ag láithreáin táirgthe le haghaidh na dtorthaí sonraithe.

(5) Mar thoradh air sin, is iomchuí go leanfaidh Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/1659 d'fheidhm a bheith aige gan teorainn ama shonrach a bheith ag baint leis.

(6) Dá bhrí sin, ba cheart Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/1659 a leasú dá réir sin.

(7) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón mBuanchoiste um Plandaí, Ainmhithe, Bia agus Beatha,

([1]) IO L 317, 23.11.2016, lch. 4, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2016/2031/oj.

([2]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/1659 ón gCoimisiún an 27 Meán Fómhair 2022 maidir le ceanglais choibhéiseacha i ndáil le torthaí *Citrus sinensis* Pers., de thionscnamh Iosrael a thabhairt isteach san Aontas i bhfianaise na rioscaí a bhaineann le *Thaumatotibia leucotreta* (IO L 250, 28.9.2022, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2022/1659/oj).

([3]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/2072 ón gCoimisiún an 28 Samhain 2019 lena mbunaítear coinníollacha aonfhoirmeacha maidir le cur chun feidhme Rialachán (AE) 2016/2031 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, a mhéid a bhaineann le bearta cosantacha in aghaidh lotnaidí plandaí, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 690/2008 ón gCoimisiún agus lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/2019 ón gCoimisiún (IO L 319, 10.12.2019, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2019/2072/oj).

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasú ar Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/1659

I Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/1659 cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 4:

'*Airteagal 4*

Teacht i bhfeidhm

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an tríú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.'

Airteagal 2

Teacht i bhfeidhm

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh sé ina cheangal go huile agus go hiomlán agus infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 2 Meitheamh 2025.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN